Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Nollaig 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0051(COD)**

**15024/1/22**
**REV 1 ADD 2**

**DRS 64**
**SUSTDEV 203**
**CODEC 1793**
**COMPET 928**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| An: | 30 Samhain 2022 |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6533/22 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937<br>- Cur chuige ginearálta<br>= *Ráiteas ó Éirinn* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas ó thoscaireacht na hÉireann maidir leis an ábhar thuasluaite ag féachaint don chruinniú a bhí ag an gComhairle Iomaíochais an 1 Nollaig 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Togra le haghaidh Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach**

**Ráiteas ó Éirinn**

**le cur san áireamh i miontuairiscí na Comhairle COMPET an 1 Nollaig 2022**

Thacaigh Éire le cuspóir na Treorach atá beartaithe, treoir a mbeidh ról suntasach aici maidir le hiompar gnó freagrach a chur chun cinn. Is é creat uile-Aontais is fearr chun tacú le feidhmiú an mhargaidh aonair agus chun tionchar a imirt ar urraim do chearta an duine agus don chomhshaol lasmuigh den Aontas. Tá Éire ag féachaint lena chinntiú gur togra é atá uaillmhianach agus, ag an am céanna, an chothromaíocht cheart a bhaint amach maidir le cosaintí éifeachtacha a chur ar fáil do gheallsealbhóirí agus a chinntiú go bhfuil na bearta a bheidh le cur chun feidhme ag cuideachtaí soiléir, comhréireach agus infhorfheidhmithe. Ceapann Éire gur cheart feidhm a bheith ag an togra i ngach earnáil den gheilleagar, lena n-áirítear gnóthais airgeadais rialáilte san earnáil airgeadais.

Is cúis díomá d'Éirinn go dtugann an leagan deiridh den téacs, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle, solúbthacht do na Ballstáit an earnáil airgeadais a eisiamh. Tá fonn ar Éirinn a chinntiú go dtacaíonn aon chur chuige a chomhaontaítear le comhchuibhiú, go gcuireann sé comhtháthú beartais chun cinn agus go seachnaítear an riosca maidir le hilroinnt laistigh den mhargadh aonair. Dá réir sin, níor thacaíomar le cur chuige athbhreithnithe na hUachtaránachta agus staonamar ó Chur Chuige Ginearálta a ghlacadh.

Mar sin féin, is togra ceannródaíoch é seo lena gcruthófar oibleagáidí atá ceangailteach ó thaobh dlí de do chuideachtaí maidir le drochthionchar ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol. Tá Éire ag tnúth le cur i gcrích rathúil a chur ar an gcaibidlíocht thríthaobhach a bheidh ann amach anseo le Treoir dheiridh a chomhaontú go luath.